Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Nollaig 2023 (OR. en)**

**16292/23**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2023/0421 (COD)**

**CODIF 15**
**CODEC 2363**
**SAN 719**
**SOC 847**
**EMPL 608**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 27 Samhain 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 738 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí, do shó-ghineacha nó do shubstaintí atá tocsaineach don atáirgeadh ag an obair (an séú Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE ón gComhairle) (códú) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an togra ón gCoimisiún maidir le códú dá dtagraítear san ábhar (COM(2023) 738 final - 2023/0421 (COD) agus Iarscríbhinní 1 go 6).

Iarrtar ar na toscaireachtaí a mbarúlacha ar an togra maidir le códú a sheoladh faoin Céadaoin, an 17 Eanáir 2024, chuig na seoltaí seo a leanas:

Codification@consilium.europa.eu AGUS sj-codification@ec.europa.eu

Tarraingítear aird na dtoscaireachtaí ar an Treoir Phraiticiúil maidir le Códú Reachtaíochta (doc. 14722/14 + COR1).

---

Faoi iamh.: COM(2023) 738 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 27.11.2023
COM(2023) 738 final

2023/0421 (COD)

Togra le haghaidh

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí, do shó-ghineacha nó do shubstaintí atá tocsaineach don atáirgeadh ag an obair (an séú Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE ón gComhairle) (códú)**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

GA GA

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. I gcomhthéacs Eoraip na ndaoine, cuireann an Coimisiún an-bhéim ar shimpliú agus ar shoiléiriú dhlí an Aontais ionas go mbeidh sé níos soiléire agus níos so-aimsithe do na saoránaigh agus, dá réir sin, go gcruthófar deiseanna nua dóibh agus seans úsáid a bhaint as na cearta sonracha a bhronnann sé orthu.

Ní féidir an aidhm seo a bhaint amach fad atá líon mór forálacha ann a leasaíodh roinnt uaireanta, agus leasuithe suntasacha a bheith i gceist go minic, scaipthe anseo agus ansiúd, rud a fhágann go mbíonn gá le cuardach a dhéanamh ar roinnt de na forálacha sin san ionstraim bhunaidh agus ar roinnt eile acu in ionstraimí leasaitheacha níos déanaí. Is gá, dá bhrí sin, mórobair thaighde a dhéanamh, i bhfoirm comparáide idir cuid mhór ionstraimí éagsúla, chun na rialacha atá i bhfeidhm faoi láthair a shainaithint.

Ar an gcúis sin, tá sé bunriachtanach códú a dhéanamh ar rialacha a leasaíodh go minic má tá an dlí le bheith soiléir trédhearcach.

2. Chinn an Coimisiún an 1 Aibreán 1987[1] treoir a thabhairt dá fhoireann á rá gur cheart gach gníomh a chódú i ndiaidh deich leasú ar a mhéad, agus cuireadh i bhfios dóibh gur bunriachtanas é sin agus gur cheart do na ranna féachaint le códú a dhéanamh ar bhonn eatramh níos giorra ná sin ar na téacsanna a bhfuil siad freagrach astu lena chinntiú go mbeidh na forálacha atá iontu soiléir sothuigthe.

3. Dearbhaíodh an méid sin i gConclúidí Uachtaránacht na Comhairle Eorpaí i nDún Éideann (Nollaig 1992)[2] agus cuireadh i bhfios an tábhacht a bhaineann le códú mar go dtugann sé cinnteacht faoin dlí is infheidhme maidir le hábhar ar leith tráth ar leith.

Ní foláir an nós imeachta coitianta a bhaineann le glacadh ghníomhartha an Aontais a chomhlíonadh go huile agus go hiomlán agus an códú á dhéanamh.

Ós rud é nach ceadmhach aon athrú a dhéanamh ar shubstaint na n-ionstraimí a mbeidh tionchar ag an gcódú orthu, tháinig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún ar chomhaontú, i gcomhaontú idirinstitiúideach an 20 Nollaig 1994, go bhféadfaí nós imeachta brostaithe a úsáid chun ionstraimí códúcháin a ghlacadh go mear.

4. Is é is cuspóir don togra seo códú a dhéanamh ar Threoir 2004/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí, só-ghineacha nó substaintí atá tocsaineach maidir le síolrú ag an obair (an Séú Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE ón gComhairle)[3]. Glacfaidh an Treoir nua ionad na ngníomhartha éagsúla a chuimsítear ann[4]; caomhnaíonn an togra seo go huile agus go hiomlán inneachar na ngníomhartha atá á gcódú agus, ar an ábhar sin, ní dhéanann sé ach iad a thabhairt le chéile agus gan ach na leasuithe foirmiúla sin a dhéanamh a bhfuil gá leo le haghaidh an phróisis códúcháin féin.

5. Rinneadh an togra códúcháin a dhréachtú ar bhonn réamh-chomhdhlúthú, i 24 theanga oifigiúla, ar Threoir 2004/37/CE agus ar na hionstraimí lena leasaítear í agus is í Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh a rinne an comhdhlúthú sin trí

[1] COM(87) 868 PV.
[2] Féach Iarscríbhinn 3 a ghabhann le Cuid A de na Conclúidí.
[3] San áireamh i gclár reachtaíochta2023.
[4] Féach Cuid A d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an togra seo.

bhíthin córas próiseála sonraí. I gcás uimhreacha nua a bheith tugtha do na hAirteagail, taispeántar an comhghaol idir an tseanuimhir agus an uimhir nua i dtábla a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Treoir chódaithe.

⬇ 2022/431 Airt. 1.1

2023/0421 (COD)

Togra le haghaidh

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí, do shó-ghineacha nó do shubstaintí atá tocsaineach don atáirgeadh ag an obair (an séú Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE ón gComhairle) (códú)**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

⬇ 2004/37/CE (oiriúnaithe)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ⌦ ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ⌫, agus go háirithe ⌦ Airteagal 153(2), pointe (b), i gcomhar le hAirteagal 153(1). pointe (a) ⌫ de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún,

⌦ Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta, ⌫

⌦ Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[5], ⌫

⌦ Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[6], ⌫

⌦ Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, ⌫

De bharr an mhéid seo a leanas:

⬇

(1) Rinneadh Treoir 2004/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7] a leasú go suntasach roinnt uaireanta[8]. Ar mhaithe le soiléireacht agus le réasúntacht, ba cheart an Treoir sin a chódú.

5 IO C […], […], lch. […].

6 IO C […], […], lch. […].

7 Treoir 2004/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí, do shó-ghineacha nó do shubstaintí atá tocsaineach maidir le síolrú ag an obair (an séú Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE ón gComhairle) (IO L 158, 30.4.2004, lch. 50).

8 Féach Cuid A d'Iarscríbhinn V.

↓ 2022/431 Aithris 1 (oiriúnaithe)

(2) Is é is aidhm don Treoir ⌦ seo ⌫ oibrithe a chosaint ar rioscaí dá sláinte agus dá sábháilteacht a thagann as nochtadh do charcanaiginí, do shó-ghineacha ⌦ nódo shubstaintí atá tocsaineach ⌫ san ionad oibre. Leis an Treoir sin, déantar foráil maidir le leibhéal comhsheasmhach cosanta ar na rioscaí a bhaineann leis an nochtadh ceirde do charcanaiginí, do shó-ghineacha ⌦ nó do substaintí atá tocsaineach ⌫ trí bhíthin chreat na bprionsabal ginearálta ionas gur féidir leis na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear ceanglais íosta i bhfeidhm ar bhealach comhsheasmhach. Is é is aidhm do na ceanglais íosta sin oibrithe a chosaint ar leibhéal an Aontais. Is féidir leis na Ballstáit forálacha níos déine a shocrú.

↓ 2022/431 Aithris 2 (oiriúnaithe)

(3) Trí cheanglais íosta a leagan síos le haghaidh cosaint oibrithe ar fud an Aontais, ⌦ tugtar ⌫ soiléireacht sa Treoir ⌦ seo ⌫ agus cuirtear le machaire comhréidh níos fearr do na gníomhaithe eacnamaíocha sna hearnálacha a úsáideann na substaintí a thagann ⌦ faoina ⌫ raon feidhme, rud a léiríonn tábhacht ghníomhaíocht an Aontais sa réimse sin.

↓ 2004/37/CE Aithris 3 (oiriúnaithe)

(4) Is Treoir ar leith í an Treoir seo de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE ón gComhairle[9]. Dá bhrí sin, tá forálacha na Treorach sin infheidhme go hiomlán maidir le nochtadh oibrithe do charcanaiginí, do shó-ghineacha ⌦ nódo shubstaintí atá tocsaineach ⌫, gan dochar d'fhorálacha níos déine agus/nó níos sonraí atá sa Treoir seo.

↓ 2004/37/CE Aithris 5

(5) Is substaintí iad só-ghineacha gaiméite a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le hathrú buan ar mhéid nó ar struchtúr ábhair ghéinitigh cille as a dtagann athrú ar shaintréithe feinitíopacha na cille sin, ar féidir iad a aistriú chuig mac-chealla sliochtacha.

↓ 2004/37/CE Aithris 6

(6) Mar gheall ar a meicníocht gníomhaíochta, is dócha go mbeidh éifeachtaí carcanaigineacha ag só-ghineacha gaiméite.

↓ 2022/431 Aithris 3 (oiriúnaithe)

(7) De réir na fianaise eolaíche is déanaí, is féidir le substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh a bheith ina gcúis le héifeachtaí díobhálacha ar an bhfheidhm ghnéasach agus ar thorthúlacht i bhfireannaigh fhásta agus i mbaineannaigh fhásta, agus ar

[9] Treoir 89/391/CEE ón gComhairle an 12 Meitheamh 1989 maidir le bearta a thabhairt isteach chun feabhsuithe ar shábháilteacht agus ar shláinte oibrithe ag an obair a spreagadh (IO L 183, 29.6.1989, lch. 1).

fhorbairt an tsleachta. Ar aon dul le carcanaiginí nó só-ghineacha, is iad is substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh substaintí arb údar mór imní iad agus a bhféadfaidís éifeachtaí tromchúiseacha dochúlaithe a bheith acu ar shláinte oibrithe iad substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh.

---

🡻 2022/431 Aithris 4 (oiriúnaithe)

(8) I gcás formhór na substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh, is féidir, ó thaobh na heolaíochta de, leibhéil a shainaithint nach mbeadh éifeachtaí díobhálacha don tsláinte mar thoradh ar nochtadh faoina mbun. Níor cheart feidhm a bheith ag na ceanglais maidir le híoslaghdú nochta a leagtar síos sa Treoir ⌦ seo ⌫ ach amháin maidir leis na substaintí sin atá tocsaineach don atáirgeadh nach féidir leibhéal sábháilte nochta a shainaithint ina leith agus a shainaithnítear mar "shubstaintí neamhthairsí" sa cholún nodaireachta d'Iarscríbhinn III. Maidir le gach substaint eile atá tocsaineach don atáirgeadh, ba cheart d'fhostóirí a áirithiú go ndéanfar an riosca a bhaineann le nochtadh oibrithe a laghdú a mhéid is féidir.

---

🡻 2022/431 Aithris 5 (oiriúnaithe)

(9) De réir na sonraí eolaíocha is déanaí, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le teorainnluachanna bitheolaíocha i gcásanna sonracha chun oibrithe a chosaint ar nochtadh do roinnt carcanaiginí, só-ghineacha nó substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh.

---

🡻 2022/431 Aithris 6

(10) Le Prionsabal 10 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta[10], a rinne Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún a fhógairt i gcomhpháirt le chéile ag an gCruinniú Mullaigh Sóisialta do Phoist Chóra agus d'Fhás an 17 Samhain 2017, déantar foráil maidir le ceart na n-oibrithe chun ardleibhéal cosanta dá sláinte agus dá sábháilteacht ag an obair, lena n-áirítear cosaint ar nochtadh do charcanaiginí, do shó-ghineacha agus do shubstaintí atá tocsaineach don atáirgeadh san ionad oibre.

---

🡻 2022/431 Aithris 7 (oiriúnaithe)

(11) Is gné thábhachtach de na socruithe ginearálta a bhaineann le hoibrithe a chosaint a bunaíodh leis an Treoir ⌦ seo ⌫ iad teorainnluachanna ceangailteacha um nochtadh ceirde agus ní ceadmhach na teorainnluachanna sin a shárú. Ba cheart teorainnluachanna agus forálacha eile atá ábhartha go díreach a bhunú le haghaidh na gcarcanaiginí, na só-ghineacha agus na substaintí sin uile atá tocsaineach don atáirgeadh ar ina leith atá an fhaisnéis, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla atá cothrom le dáta, ar fáil lenar féidir déanamh amhlaidh.

---

🡻 2022/431 Aithris 8 (oiriúnaithe)

(12) I gcás só-ghineacha agus formhór na gcarcanaiginí, ní féidir, ó thaobh na heolaíochta de, leibhéil a shainaithint nach mbeadh éifeachtaí díobhálacha sláinte mar thoradh ar nochtadh faoina mbun. Bíodh is nach féidir na rioscaí do shláinte agus sábháilteacht na

---

[10] IO C 428, 13.12.2017, lch. 10.

n-oibrithe as nochtadh do charcanaiginí agus do shó-ghineacha ag an obair (riosca iarmharach) a dhíothú trí theorainnluachanna maidir le nochtadh do charcanaiginí agus do shó-ghineacha san ionad oibre a leagan síos sa Treoir ⌦ seo ⌫, ní beag an cúnamh sin, mar sin féin, mar go laghdaítear go mór na rioscaí a eascraíonn as nochtadh dá leithéid sin trí bhíthin an chur chuige céim ar chéim agus chuspóirdhírithe a glacadh sa ⌦ Treoir ⌫ seo.

---

↓ 2022/431 Aithris 9 (oiriúnaithe)

(13) Tá na teorainnluachanna ceangailteacha um nochtadh ceirde gan dochar do na hoibleagáidí eile atá ar fhostóirí de bhun na Treorach ⌦ seo ⌫, amhail úsáid carcanaiginí, só-ghineacha agus substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh san ionad oibre a laghdú nó nochtadh oibrithe do charcanaiginí, do shó-ghineacha agus do shubstaintí atá tocsaineach don atáirgeadh a chosc nó a laghdú, ná do na bearta ba cheart a chur chun feidhme chun na críche sin. A mhéid is féidir go teicniúil, ba cheart a áireamh ar na bearta sin substaint, meascán nó próiseas a chur in ionad na carcanaigine, an tsó-ghinigh agus na substainte atá tocsaineach don atáirgeadh nach bhfuil contúirteach nó nach bhfuil chomh contúirteach céanna do shláinte oibrithe, córas dúnta a úsáid, nó bearta eile a bhfuil sé d'aidhm acu leibhéal nochta oibrithe a laghdú.

---

↓ 2022/431 Aithris 10 (oiriúnaithe)

(14) Is gá oiliúint leordhóthanach agus iomchuí a chur ar oibrithe nuair a nochtar nó nuair is dócha go nochtfar do charcanaiginí, do shó-ghineacha nó do shubstaintí atá tocsaineach don atáirgeadh iad, lena n-áirítear iad siúd atá i dtáirgí íocshláinte guaiseacha áirithe. An oiliúint a cheanglaítear ar an bhfostóir a chur ar fáil de bhun na Treorach ⌦ seo ⌫, ba cheart í a oiriúnú chun riosca nua nó athraithe a chur san áireamh, go háirithe nuair a nochtar oibrithe do charcanaiginí nua, do shó-ghineacha nua nó do shubstaintí nua atá tocsaineach don atáirgeadh nó do roinnt carcanaiginí éagsúla, só-ghineacha éagsúla nó substaintí éagsúla atá tocsaineach don atáirgeadh, lena n-áirítear i dtáirgí íocshláinte guaiseacha, nó i gcás athrú ar dhálaí ⌦ athraitheacha ⌫ a bhaineann leis an obair.

---

↓ 2022/431 Aithris 11 (oiriúnaithe)

(15) Tá substaint amháin nó níos mó i dtáirgí íocshláinte guaiseacha áirithe a chomhlíonann na critéir lena gcur in aicme charcanaigineach (catagóir 1A nó 1B), in aicme shó-ghineach (catagóir 1A nó 1B) nó in aicme mar thocsaineach don atáirgeadh (catagóir 1A nó 1B) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11] agus a thagann, dá bhrí sin, faoi raon feidhme na Treorach ⌦ seo ⌫. Níl rochtain éasca ag oibrithe, fostaithe ná údaráis forfheidhmithe, áfach, ar fhaisnéis shoiléir agus nuashonraithe i dtaobh an gcomhlíonann táirge íoschláinte na critéir sin. Chun cur chun feidhme cuí na Treorach

---

11 Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1).

⌦ seo ⌫ a áirithiú agus chun soiléireacht a chur ar fáil maidir le húsáid na dtáirgí íocshláinte guaiseacha sin agus na rioscaí a bhaineann lena láimhseáil, is gá céimeanna a ghlacadh chun cabhrú le fostóirí iad a shainaithint. I gcomhréir le teachtaireacht ón gCoimisiún an 28 Meitheamh 2021 dar teideal an EU strategic framework on health and safety at work 2021-2027 [creat straitéiseach AE maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair 2021-2027], tá an Coimisiún le treoirlínte a chur ar fáil, lena n-áirítear maidir le hoiliúint, prótacail, faireachas agus faireachán, chun oibrithe a chosaint ar nochtadh do tháirgí íocshláinte guaiseacha.

---

🡻 2022/431 Aithris 12 (oiriúnaithe)

(16) Maidir leis an measúnú riosca dá bhforáiltear sa Treoir ⌦ seo ⌫, ba cheart d’fhostóirí aird ar leith a thabhairt, agus measúnú á dhéanamh acu ar nochtadh do tháirgí íocshláinte guaiseacha a thagann faoi raon feidhme na Treorach ⌦ seo ⌫, chun a áirithiú nach rachadh an ceanglas maidir le táirgí den sórt sin a ionadú chun dochair do shláinte na n-othar.

---

🡻 2022/431 Aithris 13 (oiriúnaithe)

(17) Leis an Treoir seo, neartaítear cosaint sláinte agus sábháilteachta oibrithe san ionad oibre. Ba cheart teorainnluachanna a leagan amach sa Treoir ⌦ seo ⌫ i bhfianaise na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla atá cothrom le dáta, agus ba cheart é sin a bheith bunaithe ar mheasúnú críochnúil ar an tionchar socheacnamaíoch a bhíonn ag prótacail maidir le leibhéil nochta a thomhas san ionad oibre agus ar fháil na bprótacal sin. Ba cheart a áireamh ar an bhfaisnéis sin, más féidir, sonraí maidir le rioscaí iarmharacha do shláinte oibrithe, tuairimí ón gCoiste um Measúnú Riosca (RAC) de chuid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12] (ECHA), agus le tuairimí ón gCoiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair a bunaíodh le Cinneadh ón gComhairle an 22 Iúil 2003[13] (ACSH). Tá faisnéis a bhaineann le riosca iarmharach, a cuireadh ar fáil go poiblí ar leibhéal an Aontais, luachmhar i ndáil le haon obair a dhéanfar amach anseo ar mhaithe le teorainn a chur leis na rioscaí a eascraíonn as nochtadh ceirde do charcanaiginí, do shó-ghineacha agus substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh.

---

🡻 2022/431 Aithris 15

(18) I gcomhréir le moltaí ó RAC agus ó ACSH, i gcás inar féidir, bunaítear teorainnluachanna do bhealach ionanálaithe an nochta maidir le tréimhse thagartha 8

---

12 Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoir 91/155/CEE ón gCoimisiún, Treoir 93/67/CEE ón gCoimisiún, Treoir 93/105/CE ón gCoimisiún agus Treoir 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1).

13 Cinneadh ón gComhairle an 22 Iúil 2003 lena mbunaítear Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (IO C 218, 13.9.2003, lch. 1).

n-uaire mar mheán am-ualaithe (teorainnluachanna nochta fhadtéarmaigh) agus, i gcás carcanaiginí áirithe, só-ghineacha áirithe agus substaintí áirithe atá tocsaineach don atáirgeadh maidir le tréimhse thagartha níos giorra, 15 nóiméad mar mheán am-ualaithe i gcoitinne (teorainnluachanna nochta ghearrthéarmaigh), chun na héifeachtaí a eascraíonn as nochtadh gearrthéarmach a theorannú, a mhéid is féidir.

---

↓ 2022/431 Aithris 16

(19) Ina theannta sin, is gá breithniú a dhéanamh ar chonairí ionsúcháin eile seachas ionanálú i gcás na gcarcanaiginí uile, na só-ghineacha uile agus na substaintí uile atá tocsaineach don atáirgeadh, lena n-áirítear go bhféadfaidís dul tríd an gcraiceann, chun an leibhéal cosanta is fearr is féidir a áirithiú. Leagtar síos nodaireachtaí breise do shubstaintí guaiseacha agus meascáin ghuaiseacha i Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008.

---

↓ 2004/37/CE Aithris 14

(20) Ba cheart prionsabal an réamhchúraim a chur i bhfeidhm maidir le sláinte oibrithe a chosaint.

---

↓ 2004/37/CE Aithris 15 (oiriúnaithe)

(21) Ní mór bearta coisctheacha a dhéanamh chun sláinte agus sábháilteacht oibrithe a nochtar do charcanaiginí, do shó-ghineacha ⌦ nó do shubstaintí atá tocsaineach ⌫ a chosaint.

---

↓ 2022/431 Aithris 26

(22) Ba cheart grinnscrúdú agus athbhreithniú a dhéanamh ar na teorainnluachanna a bunaíodh sa Treoir seo go rialta chun comhsheasmhacht le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 a áirithiú. Go háirithe, maidir le beinséin, déanfaidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar le ACSH, measúnú ar a indéanta atá sé OEL a laghdú tuilleadh, agus tuairim RAC ó 2018 á cur san áireamh mar aon le haon fhaisnéis nua ábhartha.

---

↓ 2022/431 Aithris 18 (oiriúnaithe)

(23) Chomhaontaigh ACSH, bunaithe ar thuairim ó RAC, go mbeadh an faireachán bitheolaíoch i gcás aicrilinítríle úsáideach. Ba cheart é sin a chur san áireamh agus treoir á forbairt maidir le húsáid phraiticiúil an fhaireacháin bhitheolaíoch.

---

↓ 2022/431 Aithris 22 (oiriúnaithe)

(24) Chomhaontaigh ACSH, bunaithe ar thuairim ó RAC, go mbeadh an faireachán bitheolaíoch i gcás beinséine úsáideach. Ba cheart sin a chur san áireamh agus treoir á forbairt maidir le húsáid phraiticiúil an fhaireacháin bhitheolaíoch.

↓ 2019/983 Aithris 18

(25) Chosnófaí oibrithe i gcoinne na tocsaineachta sistéamaí a bhaineann le caidmiam agus a chomhdhúile, a théann i gcion ar na duáin agus cnámha go príomha, agus teorainnluach bitheolaíoch a leagan síos lena n-aghaidh. Dá bhrí sin, féadfaidh faireachán bitheolaíoch cur le cosaint oibrithe ag an láthair oibre ach ní dhéanfar é sin ach amháin tríd an bhfaireachán a dhéantar ar thiúchan caidmiam agus a chomhdhúile neamhorgánacha san aer, agus dá réir sin laistigh de limistéar análaithe na n-oibrithe. Ba cheart don Choimisiún treoirlínte praiticiúla maidir le faireachán bitheolaíoch a eisiúint.

---

↓ 2019/130 Aithris 9 (oiriúnaithe)

(26) Comhlacht trípháirteach a thugann cúnamh don Choimisiún maidir le hullmhú, le cur chun feidhme agus le meastóireacht na ngníomhaíochtaí i réimse na sláinte agus na sábháilteachta ag an obair is ea ACSH. Go háirithe, glacann ACSH tuairimí trípháirteacha i ndáil le tionscnaimh lena ndéantar teorainnluachanna nochta ag an obair a shocrú ar leibhéal an Aontais ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla, mar aon le sonraí maidir le gnéithe sóisialta agus indéantacht eacnamaíoch na dtionscnamh sin.

---

↓ 2019/130 Aithris 19 (oiriúnaithe)

(27) Ó tharla go mbíonn an fhianaise eolaíoch ag síorfhorbairt agus go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh, ba cheart súil ghéar a choinneáil ar theorainnluachanna maidir le ⌦ tríchlóireitiléin ⌫ sin i gcónaí.

---

↓ 2019/130 Aithris 24 (oiriúnaithe)

(28) Leis an gComhaontú maidir le Sláinte Oibrithe a Chosaint trí Dhea-Láimhseáil agus Dea-Úsáid Silice Criostalta agus Táirgí ina bhfuil sí , arna shíniú ag comhlachais atá ina mbaill den Líonra Eorpach um Shilice (NEPSI) agus ag comhaontuithe na gcomhpháirtithe sóisialta eile ina gcuirtear treoir agus uirlisí ar fáil chun tacú, i dteannta leis na bearta rialála, le cur chun feidhme éifeachtach oibleagáidí na bhfostóirí a leagtar síos sa Treoir. Agus urraim á tabhairt dá neamhspleáchas, ba cheart don Choimisiún na comhpháirtithe sóisialta a spreagadh chun comhaontuithe den sórt sin a chur i gcrích. Níor cheart, áfach, go n-eascródh toimhde comhréireachta le hoibleagáidí na bhfostóirí a leagtar síos sa Treoir seo as comhlíontacht leis na comhaontuithe den sórt sin. Ba cheart liosta cothrom le dáta de chomhaontuithe den sórt sin a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA).

---

↓ 2017/2398 Aithris 13 (oiriúnaithe)

(29) Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar na teorainnluachanna do mhonaiméir de chlóiríd vinile agus do dheannaigh chrua-adhmaid a leagtar amach in Iarscríbhinn III a

ghabhann leis an Treoir ⌦ seo ⌫, i bhfianaise sonraí eolaíocha agus teicniúla níos nuaí. Ba cheart an t-idirdhealú idir deannach crua-adhmaid agus deannach bogadhmaid a mheasúnú tuilleadh a mhéid a bhaineann sé leis an teorainnluach a leagtar amach san Iarscríbhinn sin, faoi mar a mhol ⌦ an Coiste Eolaíoch um Theorainneacha Nochta Ceirde ⌫ agus an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta um Thaighde ar Ailse.

---

↓ 2017/2398 Aithris 30

(30) Sna tuairimí a thug sé, thagair an ACSH do thréimhse athbhreithnithe le haghaidh teorainnluachanna ceangailteacha um nochtadh ceirde i gcás roinnt substaintí, amhail deannach silice criostalta inanálaithe, aicriolaimíd agus 1,3-bútaidhé-éin. Tá an Coimisiún leis na tuairimí sin a chur san áireamh agus substaintí á gcur in ord tosaíochta aige chun meastóireacht eolaíoch a dhéanamh orthu.

---

↓ 2017/2398 Aithris 31

(31) Sa tuairim a thug sé maidir le snáithíní ceirmeacha teasfhulangacha, chomhaontaigh ACSH go bhfuil gá le teorainnluach ceangailteach um nochtadh ceirde ach níor éirigh leis teacht ar chomhsheasamh maidir le tairseach. Ba cheart don Choimisiún, dá bhrí sin, ACSH a spreagadh le tuairim atá cothrom le dáta maidir le snáithíní ceirmeacha teasfhulangacha a thíolacadh d'fhonn teacht ar chomhsheasamh maidir leis an teorainnluach don tsubstaint sin, gan dochar do mhodhanna oibre ACSH ná d'uathriail na gcomhpháirtithe sóisialta.

---

↓ 2004/37/CE Aithris 18 (oiriúnaithe)

(32) ⌦ Ba cheart ⌫ an Treoir seo a bheith gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát maidir leis na teorainneacha ama chun na Treoracha a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn V a thrasuí sa dlí náisiúnta agus maidir le dátaí chur i bhfeidhm na dTreoracha sin.

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

---

↓ Ceartúchán, IO L 229, 29.6.2004, lch. 23

# CAIBIDIL I

# FORÁLACHA GINEARÁLTA

*Airteagal 1*

**Cuspóir**

---

↓ 2022/431 Airt. 1.2

1. Is é is aidhm don Treoir seo oibrithe a chosaint ar rioscaí dá sláinte agus dá sábháilteacht, lena n-áirítear rioscaí den sórt sin a chosc, a eascraíonn as nochtadh do charcanaiginí, do

shó-ghineacha nó do shubstaintí atá tocsaineach don atáirgeadh ag an obair nó ar dócha go n-eascróidh siad as.

---

🡣 Ceartúchán, IO L 229, 29.6.2004, lch. 23

Leagtar síos ann íoscheanglais áirithe sa réimse sin, lena n-áirítear teorainnluachanna.

2. Ní bheidh feidhm ag an Treoir seo maidir le hoibrithe nach nochtar ach do radaíocht a chumhdaítear leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

3. Beidh feidhm iomlán ag Treoir 89/391/CEE maidir leis an réimse iomlán dá dtagraítear i mír 1, gan dochar d'fhorálacha níos déine agus/nó níos sonraí sa Treoir seo.

---

🡣 2014/27/AE Airt. 5.1 (oiriúnaithe)

4. Maidir le haispeist, a ndéileáiltear léi i dTreoir 2009/148/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14], beidh feidhm ag forálacha na Treorach seo aon uair a bheidh siad níos fabhraí do shláinte agus sábháilteacht ag an obair.

---

🡣 Ceartúchán, IO L 229, 29.6.2004, lch. 23 (oiriúnaithe)

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

Chun críocha na Treorach seo, ⌦ beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas: ⌫

---

🡣 2014/27/AE Airt. 5.2(a)

(a) ciallaíonn 'carcanaigin':

(i) substaint nó meascán a chomhlíonann na critéir lena haicmiú nó lena aicmiú mar charcanaigin de chatagóir 1A nó 1B a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008;

(ii) substaint, meascán nó próiseas dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo chomh maith le substaint nó meascán a scaoiltear trí phróiseas dá dtagraítear san Iarscríbhinn sin;

---

🡣 2014/27/AE Airt. 5.2(b)

(b) ciallaíonn 'só-ghineach' substaint nó meascán a chomhlíonann na critéir lena haicmiú nó lena aicmiú mar shó-ghineach gaiméite de chatagóir 1A nó 1B a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008;

14 Treoir 2009/148/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le hoibrithe a chosaint ar rioscaí a bhaineann le bheith faoi lé aispeiste ar an láthair oibre (IO L 330, 16.12.2009, lch. 28).

↓ 2022/431 Airt. 1.3(a) (oiriúnaithe)

(c) ciallaíonn "substaint atá tocsaineach don atáirgeadh" substaint nó meascán a chomhlíonann na critéir lena haicmiú nó aicmiú mar thocsain atáirgthe de chatagóir 1A nó 1B a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008;

(d) ciallaíonn "substaint neamhthairsí atá tocsaineach don atáirgeadh" substaint atá tocsaineach don atáirgeadh nach ann do leibhéal sábháilte nochta ó thaobh sláinte oibrithe ina leith agus a shainaithnítear amhlaidh sa cholún nodaireachta d'Iarscríbhinn III;

(e) ciallaíonn "substaint tairsí atá tocsaineach don atáirgeadh" substaint atá tocsaineach don atáirgeadh arb ann do leibhéal sábháilte nochta ina leith agus nach ann d'aon riosca do shláinte oibrithe faoi bhun an leibhéil sin agus a shainaithnítear amhlaidh sa cholún nodaireachta d'Iarscríbhinn III;

↓ 2022/431 Airt. 1.3(b)

(f) ciallaíonn "teorainnluach", mura sonraítear a mhalairt, an teorainn don mheán am-ualaithe den tiúchan le haghaidh carcanaigine, só-ghinigh nó substaint atá tocsaineach don atáirgeadh atá san aer laistigh de chrios análaithe oibrí i ndáil le tréimhse thagartha shonraithe mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III;

↓ 2022/431 Airt. 1.3(c)

(g) ciallaíonn "teorainnluach bitheolaíoch" teorainn na tiúchana sa mheán bitheolaíoch iomchuí den oibreán ábhartha, a mheitibilít, nó táscaire éifeachta;

(h) ciallaíonn "faireachas sláinte" measúnú ar oibrí aonair chun staid sláinte an duine sin a chinneadh, de réir mar a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí sonracha, do shó-ghineacha sonracha nó do shubstaintí sonracha atá tocsaineach don atáirgeadh ag an obair.

↓ Ceartúchán, IO L 229, 29.6.2004, lch. 23

*Airteagal 3*

**Raon feidhme — rioscaí a chinneadh agus a mheasúnú**

↓ 2022/431 Airt. 1.4(a)

1. Beidh feidhm ag an Treoir seo maidir le gníomhaíochtaí ina nochtar oibrithe nó inar dócha go nochtfar iad do charcanaiginí, do shó-ghineacha nó do shubstaintí atá tocsaineach don atáirgeadh mar thoradh ar a gcuid oibre.

↓ 2022/431 Airt. 1.4(b)

2. I gcás aon gh níomhaíochta ar dócha go mbeidh riosca nochta do charcanaiginí, do shó-ghineacha nó do shubstaintí atá tocsaineach don atáirgeadh ag baint léi, cinnfear cineál, méid agus fad nochtadh na n-oibrithe ionas go mbeifear in ann aon riosca do shláinte nó do shábháilteacht na n-oibrithe a mheas agus na bearta a bheidh le déanamh a leagan síos.

Déanfar an measúnú a athnuachan go rialta agus in aon chás nuair a thagann athrú ar na coinníollacha a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do nochtadh oibrithe do charcanaiginí, do shó-ghineacha nó do shubstaintí atá tocsaineach don atáirgeadh.

↓ Ceartúchán, IO L 229, 29.6.2004, lch. 23

Déanfaidh an fostóir an fhaisnéis a úsáideadh chun an measúnú a dhéanamh a sholáthar do na húdaráis fhreagracha arna iarraidh sin dóibh.

3. Agus measúnú á dhéanamh ar an riosca, cuirfear san áireamh gach bealach nochta eile, amhail ionsú isteach sa chraiceann agus/nó tríd an gcraiceann.

↓ 2022/431 Airt. 1.4(c) (oiriúnaithe)

4. Nuair a dhéanfar an measúnú riosca, tabharfaidh fostóirí aird ar leith ar aon éifeachtaí a bhaineann le sláinte nó sábháilteacht oibrithe atá i mbaol ar leith agus cuirfidh siad san áireamh, *inter alia*, a inmhianaithe atá sé gan na hoibrithe sin a fhostú i réimsí ina bhféadfaidís teacht i dteagmháil le carcanaiginí, le só-ghineacha nó le substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh.

↓ Ceartúchán, IO L 229, 29.6.2004, lch. 23

# CAIBIDIL II

# OIBLEAGÁIDÍ FOSTÓIRÍ

*Airteagal 4*

**Laghdú agus cur in ionad**

↓ 2022/431 Airt. 1.5

1. Laghdóidh an fostóir úsáid carcanaigine, só-ghinigh nó substainte atá tocsaineach don atáirgeadh san ionad oibre, go háirithe trí shubstaint, meascán nó próiseas nach bhfuil contúirteach nó nach bhfuil chomh contúirteach céanna, faoi na coinníollacha úsáide a bhaineann léi nó leis, do shláinte nó do shábháilteacht oibrithe, de réir mar a bheidh, a chur ina hionad nó ina ionad, a mhéid is féidir go teicniúil.

🡻 Ceartúchán, IO L 229, 29.6.2004, lch. 23 (oiriúnaithe)

2. Déanfaidh an fostóir, arna iarraidh sin dóibh, torthaí a chuid imscrúduithe a chur faoi bhráid na n-údarás ábhartha.

*Airteagal 5*

**Nochtadh a chosc agus a laghdú**

1. I gcás ina léireofar riosca do shláinte nó do shábháilteacht oibrithe i dtorthaí an mheasúnaithe dá dtagraítear in Airteagal 3(2), ⌦ déanfar ⌫ nochtadh oibrithe a chosc.

🡻 2022/431 Airt. 1.6(a) (oiriúnaithe)

2. I gcás nach mbeidh sé indéanta go teicniúil substaint, meascán nó próiseas nach bhfuil contúirteach nó nach bhfuil chomh contúirteach céanna, faoi na coinníollacha úsáide a bhaineann léi nó leis, don tsláinte nó don tsábháilteacht a chur in ionad na carcanaigine, an tsó-ghinigh nó na substainte atá tocsaineach don atáirgeadh, áiritheoidh an fostóir, a mhéid is féidir go teicniúil, go ndéanfar an charcanaigin, an só-ghineach nó an tsubstaint atá tocsaineach don atáirgeadh a mhonarú agus a úsáid i gcóras dúnta.

3. I gcás nach mbeidh córas dúnta indéanta go teicniúil, áiritheoidh an fostóir go laghdófar leibhéal nochta oibrithe don charcanaigin, don só-ghineach nó don tsubstaint neamhthairsí atá tocsaineach don atáirgeadh go dtí an leibhéal is ísle agus is féidir go teicniúil.

4. I gcás nach mbeidh sé indéanta go teicniúil substaint tairsí atá tocsaineach don atáirgeadh a úsáid nó a mhonarú i gcóras dúnta, áiritheoidh an fostóir go laghdófar an riosca a bhaineann le nochtadh oibrithe don tsubstaint tairsí sin atá tocsaineach don atáirgeadh a mhéid is féidir.

5. Déanfaidh an fostóir, maidir le substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh seachas substaintí neamhthairsí atá tocsaineach don atáirgeadh agus substaintí tairsí atá tocsaineach don tsláinte, mír 4 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm. I gcás den sórt sin, agus an measúnú riosca dá dtagraítear in Airteagal 3⌦ (2) ⌫ á dhéanamh, cuirfidh an fostóir san áireamh go cuí go bhféadfadh sé nach mbeadh ann do leibhéal sábháilte nochta ó thaobh sláinte oibrithe i gcás substaint den sórt sin atá tocsaineach don atáirgeadh agus leagfaidh sé síos bearta iomchuí i ndáil leis sin.

6. Ní rachaidh an nochtadh thar an teorainnluach do charcanaigin, do shó-ghineach nó do shubstaint atá tocsaineach don atáirgeadh mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III.

🡻 2022/431 Airt. 1.6(b)

7. I gcás ina n-úsáidtear carcanaigin, só-ghineach nó substaint atá tocsaineach don atáirgeadh, cuirfidh an fostóir na bearta seo a leanas i bhfeidhm:

🡻 2022/431 Airt. 1.6(b)

(a) teorainn a chur le cainníochtaí de charcanaigin, de shó-ghineach nó de shubstaint atá tocsaineach don atáirgeadh san ionad oibre;

▼ Ceartúchán, IO L 229, 29.6.2004, lch. 23

(b) líon na n-oibrithe a nochtar nó ar dócha go nochtfar iad a choinneáil chomh híseal agus is féidir;

▼ 2022/431 Airt. 1.6(b)

(c) próisis oibre agus bearta rialaithe innealtóireachta a cheapadh chun scaoileadh carcanaiginí, só-ghineacha nó substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh isteach san ionad oibre a sheachaint nó a íoslaghdú;

(d) aslonnú carcanaiginí, só-ghineacha nó substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh ag an bhfoinse, córas eastóisctha áitiúil nó aeráil ghinearálta, atá iomchuí agus comhoiriúnach don ghá atá ann an tsláinte phoiblí agus an comhshaol a chosaint;

(e) nósanna imeachta iomchuí atá ann cheana a úsáid chun carcanaiginí, só-ghineacha nó substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh a thomhas, go háirithe chun nochtadh neamhghnách a eascraíonn as teagmhas nó timpiste nárbh fhéidir a thuar a luathbhrath;

▼ Ceartúchán, IO L 229, 29.6.2004, lch. 23lch. 23

(f) nósanna imeachta agus modhanna oibre oiriúnacha a chur i bhfeidhm;

(g) bearta cosanta comhchoiteanna agus/nó, i gcás nach féidir nochtadh a sheachaint ar mhodhanna eile, bearta cosanta aonair;

(h) bearta sláinteachais, go háirithe glanadh rialta urlár, ballaí agus dromchlaí eile;

(i) faisnéis d’oibrithe;

▼ 2022/431 Airt. 1.6(b)

(j) limistéir riosca a theorannú agus comharthaí rabhaidh agus sábháilteachta leordhóthanacha a úsáid lena n-áirítear comharthaí “cosc ar thobac” i limistéir ina nochtar oibrithe, nó inar dócha go nochtfar iad, do charcanaiginí, do shó-ghineacha nó do shubstaintí atá tocsaineach don atáirgeadh;

▼ Ceartúchán, IO L 229, 29.6.2004, lch. 23 (oiriúnaithe)

(k) pleananna a tharraingt suas chun déileáil le héigeandálaí ar dócha go mbeadh nochtadh thar a bheith ard mar thoradh orthu;

(l) modhanna um stóráil shábháilte, um láimhseáil shábháilte agus um iompar sábháilte, go háirithe trí úsáid a bhaint as coimeádáin shéalaithe atá lipéadaithe go soiléir agus go feiceálach;

(m) modhanna chun dramhaíl a bhailiú, a stóráil agus a dhiúscairt go sábháilte ag oibrithe, lena n-áirítear úsáid a bhaint as coimeádáin shéalaithe atá lipéadaithe go soiléir agus go feiceálach.

*Airteagal 6*

**Faisnéis a chur ar fáil le haghaidh an údaráis inniúil**

I gcás ina léireofar riosca do shláinte nó do shábháilteacht oibrithe i dtorthaí an mheasúnaithe ⌦ riosca ⌫ dá dtagraítear in Airteagal 3(2), cuirfidh fostóirí faisnéis iomchuí ar fáil don údaráis inniúil, nuair a iarrtar sin, maidir leis an méid seo a leanas:

---

🡻 2022/431 Airt. 1.7

(a) na gníomhaíochtaí agus/nó na próisis thionsclaíocha a dhéantar, lena n-áirítear na cúiseanna a n-úsáidtear carcanaiginí, só-ghineacha nó substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh;

(b) cainníochtaí na substaintí nó na meascán a mhonaraítear nó a úsáidtear ina bhfuil carcanaiginí, só-ghineacha nó substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh;

---

🡻 Ceartúchán, IO L 229, 29.6.2004, lch. 23

(c) líon na n-oibrithe a nochtar;

(d) na bearta coisctheacha a cuireadh i gcrích;

(e) an cineál trealaimh chosanta a úsáidtear;

(f) cineál agus méid an nochta;

(g) na cásanna de chur in ionad.

---

🡻 2017/2398 Airt. 1.1 (oiriúnaithe)

Cuirfidh na Ballstáit san áireamh an fhaisnéis ⌦ dá dtagraítear i ⌫ bpointí (a) go pointe (g) den chéad fhomhír den Airteagal seo sna tuarascálacha a chuireann siad faoi bhráid an Choimisiúin ⌦ i gcomhréir le ⌫ hAirteagal 17a de Threoir 89/391/CEE.

---

🡻 Ceartúchán, IO L 229, 29.6.2004, lch. 23 (oiriúnaithe)

*Airteagal 7*

**Nochtadh gan choinne**

1. I gcás teagmhas nárbh fhéidir a thuar nó i gcás timpiste ar dócha nochtadh neamhghnách oibrithe a bheith mar thoradh uirthi, cuirfidh an fostóir na hoibrithe ar an eolas faoi sin.

2. Go dtí go mbeidh an staid curtha ina ceart arís agus go dtí go gcuirfear deireadh leis na cúiseanna a bhaineann leis an nochtadh neamhghnách:

(a) ní cheadófar ach do na hoibrithe sin atá riachtanach chun deisiúcháin agus obair riachtanach eile a dhéanamh a bheith ag obair sa limistéar lena mbaineann;

(b) cuirfear éadaí cosanta agus trealamh cosanta riospráide aonair ar fáil do na hoibrithe lena mbaineann nach mór dóibh a chaitheamh; d'fhéadfadh sé nach nochtadh buan a

bheadh i gceist agus coinneofar é go dtí an t-íosmhéid ama is gá le haghaidh gach oibrí;

(c) ní cheadófar d'oibrithe gan chosaint obair a dhéanamh sa limistéar lena mbaineann.

*Airteagal 8*

**Nochtadh intuartha**

1. I gcás gníomhaíochtaí áirithe amhail cothabháil, a bhfuil sé intuartha ina leith go bhféadfadh méadú suntasach teacht ar nochtadh oibrithe, agus a bhfuil úsáid iomlán bainte cheana féin as an raon feidhme uile ina leith le haghaidh bearta coisctheacha teicniúla breise chun teorainn a chur le nochtadh oibrithe, cinnfidh an fostóir, tar éis dó dul i gcomhairle leis na hoibrithe agus/nó lena n-ionadaithe sa ghnóthas nó sa bhunaíocht, agus gan dochar do fhreagracht an fhostóra, na bearta is gá chun fad nochta na n-oibrithe a laghdú don íosmhéid is féidir agus chun cosaint oibrithe a áirithiú agus iad ag gabháil do ghníomhaíochtaí den sórt sin.

De bhun na chéad fhomhíre, cuirfear éadaí cosanta agus trealamh cosanta riospráide aonair ar fáil do na hoibrithe lena mbaineann nach mór dóibh a chaitheamh fad a mhaireann an nochtadh neamhghnách; d'fhéadfadh sé nach nochtadh buan a bheadh i gceist agus coinneofar é go dtí an t-íosmhéid ama is gá le haghaidh gach oibrí.

2. Maidir leis na limistéir ina ndéantar na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, déanfar bearta iomchuí chun a áirithiú go ndéanfar na limistéir sin a chríochú agus a léiriú go soiléir nó go gcuirtear cosc ar dhaoine neamhúdaraithe trí bhealaí eile rochtain a bheith acu ar na limistéir sin.

*Airteagal 9*

**Rochtain ar limistéir riosca**

Maidir leis na limistéir ina ndéantar na gníomhaíochtaí ar ina leith a léiríonn torthaí an mheasúnaithe ⌦ riosca ⌫ dá dtagraítear in Airteagal 3(2) riosca do shábháilteacht nó do shláinte na n-oibrithe, glacfaidh fostóirí bearta iomchuí chun a áirithiú nach mbeidh rochtain ar na limistéir sin ach ag oibrithe a gceanglaítear orthu, mar gheall ar a gcuid oibre nó ar a ndualgais, dul isteach iontu.

*Airteagal 10*

**Sláinteachas agus cosaint aonair**

---

▼ 2022/431 Airt. 1.8(a)

1. Beidh sé d'oibleagáid ar fhostóirí, i gcás na ngníomhaíochtaí uile a mbaineann riosca éillithe de bharr carcanaiginí, só-ghineacha nó substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh leo, bearta iomchuí a dhéanamh chun an méid seo a leanas a áirithiú:

---

▼ 2022/431 Airt. 1.8(b) (oiriúnaithe)

(a) nach n-itheann, nach n-ólann ná nach gcaitheann oibrithe ⌦ tobac ⌫ i limistéir oibre ina bhfuil riosca éillithe de bharr carcanaiginí, só-ghineacha nó substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh;

▼ Ceartúchán, IO L 229, 29.6.2004, lch. 23 (oiriúnaithe)

(b) go gcuirtear éadaí cosanta iomchuí nó éadaí speisialta iomchuí eile ar fáil d'oibrithe;

(c) go gcuirtear áiteanna stórála ar leithligh ar fáil d'éadaí oibre nó cosanta agus d'éadaí sráide;

(d) go gcuirtear áiseanna níocháin agus leithris iomchuí agus leormhaith ar fáil d'oibrithe;

(e) go ndéantar trealamh cosanta a stóráil i gceart in áit dhea-shainithe agus déantar é a sheiceáil agus a ghlanadh roimh gach úsáid, más féidir, agus in aon chás i ndiaidh a úsáide;

(f) go ndéantar trealamh lochtach a dheisiú nó a athsholáthar sula n-úsáidtear tuilleadh é.

2. Ní ⌦ ghearrfar muirear ⌫ ar na hoibrithe maidir le costas na mbeart a leagtar amach i mír 1.

*Airteagal 11*

**Faisnéis agus oiliúint d'oibrithe**

1. Déanfaidh an fostóir bearta iomchuí chun a áirithiú go gcuirfear oiliúint leordhóthanach iomchuí ar oibrithe agus/nó ar ionadaithe oibrithe sa ghnóthas nó sa bhunaíocht, ar bhonn na faisnéise uile atá ar fáil, go háirithe i bhfoirm faisnéise agus treoracha, maidir leis an méid seo a leanas:

(a) rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann don tsláinte, lena n-áirítear na rioscaí breise a bhaineann le caitheamh tobac;

(b) réamhchúraimí atá le déanamh chun nochtadh a chosc;

(c) ceanglais sláinteachais;

(d) trealamh agus éadaí cosanta a chaitheamh agus a úsáid;

(e) bearta atá le déanamh ag oibrithe, lena n-áirítear oibrithe tarrthála, i gcás teagmhas agus chun teagmhais a chosc.

▼ 2022/431 Airt. 1.9(a) (oiriúnaithe)

Maidir leis an oiliúint:

– cuirfear in oiriúint í chun riosca nua nó athraithe a chur san áireamh, go háirithe nuair a nochtar nó nuair is dócha go nochtfar oibrithe do charcanaiginí nua, do shó-ghineacha nua nó do shubstaintí nua atá tocsaineach don atáirgeadh nó do roinnt carcanaiginí éagsúla, só-ghineacha éagsúla nó substaintí éagsúla atá tocsaineach don atáirgeadh, lena n-áirítear iad siúd atá i dtáirgí íocshláinte guaiseacha, nó i gcás athrú ar dhálaí a bhaineann leis an obair,

– cuirfear ar fáil go tréimhsiúil í i suíomhanna cúraim sláinte do gach oibrí a nochtar do charcanaiginí, do shó-ghineacha nó do shubstaintí atá tocsaineach don atáirgeadh, go háirithe i gcás ina n-úsáidtear táirgí íocshláinte guaiseacha nua ina bhfuil na substaintí sin, agus

– déanfar arís í go tréimhsiúil i suíomhanna eile más gá.

---

🡻 2022/431 Airt. 1.9(b)

2. Déanfaidh fostóirí oibrithe a chur ar an eolas faoi shuiteálacha agus faoi choimeádáin ghaolmhara ina bhfuil carcanaiginí, só-ghineacha nó substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh, áiritheoidh siad go ndéanfar gach coimeádán, pacáiste agus suiteáil ina bhfuil carcanaiginí, só-ghineacha nó substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh a lipéadú go soiléir agus go soléite, agus cuirfidh siad comharthaí rabhaidh agus guaise atá feiceálach soiléir ar taispeáint.

I gcás ina bhfuil teorainnluach bitheolaíoch socraithe in Iarscríbhinn IV, beidh faireachas sláinte éigeantach i gcás obair leis an gcarcanaigin, leis an só-ghineach nó leis an tsubstaint atá tocsaineach don atáirgeadh faoi dtrácht, i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos san Iarscríbhinn sin. Cuirfear an ceanglas sin in iúl d'oibrithe sula ndéanfar iad a shannadh don chúram lena mbaineann riosca nochta don charcanaigin, don só-ghineach nó don tsubstaint atá tocsaineach don atáirgeadh lena mbaineann.

---

🡻 Ceartúchán, IO L 229, 29.6.2004, lch. 23 (oiriúnaithe)

*Airteagal 12*

**Faisnéis d'oibrithe**

Déanfar bearta iomchuí chun an méid seo a leanas a áirithiú:

(a) gur féidir le hoibrithe agus/nó le hionadaithe oibrithe ar bith sa ghnóthas nó sa bhunaíocht a sheiceáil go bhfuil an Treoir seo á cur i bhfeidhm nó gur féidir leo a bheith rannpháirteach ina cur i bhfeidhm, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

(i) na hiarmhairtí i ndáil le sábháilteacht agus sláinte oibrithe a bhaineann leis an roghnú, caitheamh agus úsáid éadaí agus trealaimh chosanta, gan dochar do fhreagracht an fostóra éifeachtacht éadaí agus trealaimh chosanta a chinneadh;

(ii) na bearta a chinneann an fostóir dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 8(1), gan dochar do fhreagracht an fhostóra na bearta sin a chinneadh;

(b) go gcuirfear na hoibrithe agus/nó ionadaithe oibrithe ar bith sa ghnóthas nó sa bhunaíocht ar an eolas chomh tapa agus is féidir faoi nochtadh neamhghnách, lena n-áirítear an nochtadh neamhghnách dá dtagraítear in Airteagal 8, faoi na cúiseanna atá leis sin agus faoi na bearta a ndearnadh nó atá le déanamh chun an staid a chur ina ceart;

(c) go gcoimeádann an fostóir liosta cothrom le dáta de na hoibrithe atá ag gabháil do na gníomhaíochtaí ar ina leith a léiríonn torthaí an mheasúnaithe ⌦ riosca ⌫ dá dtagraítear in Airteagal 3(2) riosca do shláinte nó do shábháilteacht oibrithe, agus ina léirítear, má tá an fhaisnéis ar fáil, an nochtadh a ndearnadh orthu;

(d) go bhfuil rochtain ag an dochtúir agus/nó ag an údarás inniúil agus ag gach duine eile atá freagrach as sláinte agus sábháilteacht ag an obair ar an liosta dá dtagraítear i bpointe (c);

(e) go bhfuil rochtain ag gach oibrí ar an bhfaisnéis a bhaineann leis ⌦ an oibrí sin ⌫ go pearsanta atá ar an liosta;

(f) go bhfuil rochtain ag oibrithe agus/nó ag ionadaithe oibrithe ar bith sa ghnóthas nó sa bhunaíocht ar fhaisnéis chomhchoiteann anaithnid.

*Airteagal 13*

**Comhairliúchán le hoibrithe agus rannpháirtíocht oibrithe**

Maidir le hábhair a chumhdaítear leis an Treoir seo, is i gcomhréir le hAirteagal 11 de Threoir 89/391/CEE a dhéanfar comhairliúchán le hoibrithe agus/nó a n-ionadaithe agus a bheidh oibrithe agus nó a n-ionadaithe rannpháirteach.

---

▼ 2019/130 Airt. 1.1

*Airteagal 14*

**Comhaontuithe na gcomhpháirtithe sóisialta**

Liostófar comhaontuithe na gcomhpháirtithe sóisialta a bhféadfaí a thabhairt chun críche i réimse na Treorach seo ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta Eorpaigh um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA). Tabharfar an liosta sin cothrom le dáta go rialta.

---

▼ Ceartúchán, IO L 229, 29.6.2004, lch. 23

# CAIBIDIL III

# FORÁLACHA ILGHNÉITHEACHA

*Airteagal 15*

**Faireachas sláinte**

---

▼ 2017/2398 Airt. 1.2(a) (oiriúnaithe)

1. Bunóidh na Ballstáit, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó leis an gcleachtas náisiúnta, socruithe maidir le faireachas iomchuí sláinte a dhéanamh ar oibrithe a nochtann torthaí an mheasúnaithe ⌦ riosca ⌫ dá dtagraítear in Airteagal 3(2) riosca dá sláinte nó dá sábháilteacht. An dochtúir nó an t-údarás atá freagrach as faireachas sláinte a dhéanamh ar oibrithe, féadfaidh sé a chur in iúl go gcaithfear leanúint den fhaireachas sláinte i ndiaidh deireadh teacht leis an nochtadh, fad a mheasann siad gur gá sin chun sláinte an oibrí lena mbaineann a choimirciú.

▼ Ceartúchán, IO L 229, 29.6.2004, lch. 23

2. Fágfaidh na socruithe dá dtagraítear i mír 1 go bhféadfar faireachas ábhartha sláinte a dhéanamh ar gach oibrí, más iomchuí:

– roimh nochtadh,

– go tráthrialta ina dhiaidh sin.

Beidh na socruithe sin de chineál a fhágann gur féidir bearta sláinteachais aonair agus ceirde a chur chun feidhme go díreach.

▼ 2022/431 Airt. 1.10(a)

3. Má fhaightear amach go bhfuil oibrí ag fulaingt de bharr mínormáltacht a mheastar a bheith mar thoradh ar nochtadh do charcanaiginí, do shó-ghineacha nó do shubstaintí atá tocsaineach don atáirgeadh, nó má fhaightear amach gur sáraíodh teorainnluach bitheolaíoch, féadfaidh an dochtúir nó an t-údarás atá freagrach as faireachas sláinte a dhéanamh ar oibrithe iarraidh ar oibrithe eile ar nochtadh ar an gcaoi chéanna dul faoi fhaireachas sláinte.

▼ Ceartúchán, IO L 229, 29.6.2004, lch. 23

Sa chás sin, déanfar athmheasúnú ar an riosca maidir le nochtadh i gcomhréir le hAirteagal 3(2).

▼ 2022/431 Airt. 1.10(b)

4. I gcásanna ina ndéantar faireachas sláinte, coinneofar taifead leighis aonair agus molfaidh an dochtúir nó an t-údarás atá freagrach as an bhfaireachas sláinte aon bhearta cosanta nó coisctheacha a bheidh le déanamh i leith aon oibrithe aonair. Féadfaidh faireachán bitheolaíoch agus ceanglais ghaolmhara a bheith mar chuid den fhaireachas sláinte.

▼ Ceartúchán, IO L 229, 29.6.2004, lch. 23 (oiriúnaithe)

5. ⌦ Tabharfar ⌫ faisnéis agus comhairle d'oibrithe maidir le faireachas sláinte ar bith a d'fhéadfaí a dhéanamh orthu tar éis dheireadh an nochta.

6. I gcomhréir le dlíthe náisiúnta agus/nó leis an gcleachtas náisiúnta:

– beidh rochtain ag oibrithe ar thorthaí an fhaireachais sláinte a bhaineann leo, agus

– féadfaidh na hoibrithe lena mbaineann nó an fostóir athbhreithniú ar thorthaí an fhaireachais sláinte a iarraidh.

7. ⌦ Leagtar ⌫ amach moltaí praiticiúla maidir le faireachas sláinte ar oibrithein Iarscríbhinn II.

▼ 2022/431 Airt. 1.10(c)

8. Tabharfar fógra don údarás inniúil faoi gach cás d'ailse, d'éifeachtaí díobhálacha ar an bhfeidhm ghnéasach agus ar thorthúlacht in oibrithe fásta fireanna agus baineanna nó de thocsaineacht fhorbarthach sa sliocht a shainaithnítear i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó leis an gcleachtas náisiúnta mar chás a d'eascair as nochtadh ceirde do charcanaigin, do shó-ghineach nó do shubstaint atá tocsaineach don atáirgeadh.

▼ 2017/2398 Airt. 1.2(b) (oiriúnaithe)

Sna tuarascálacha a chuireann siad faoi bhráid an Choimisiúin faoi Airteagal 17a de Threoir 89/391/CEE, cuirfidh na Ballstáit san áireamh an fhaisnéis atá sa mhír seo.

▼ Ceartúchán, IO L 229, 29.6.2004, lch. 23

*Airteagal 16*

**Taifid a choimeád**

▼ 2022/431 Airt. 1.11

1. Maidir le carcanaiginí agus só-ghineacha, coinneofar an liosta dá dtagraítear in Airteagal 12, pointe (c), agus an taifead leighis dá dtagraítear in Airteagal 15(4) ar feadh 40 bliain ar a laghad tar éis dheireadh an nochta, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó leis an gcleachtas náisiúnta.

2. Maidir le substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh, coinneofar an liosta dá dtagraítear in Airteagal 12, pointe (c), agus an taifead leighis dá dtagraítear in Airteagal 15(4) ar feadh 5 bliana ar a laghad tar éis dheireadh an nochta, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó leis an gcleachtas náisiúnta.

▼ Ceartúchán, IO L 229, 29.6.2004, lch. 23

3. Cuirfear na doiciméid sin ar fáil don údarás freagrach i gcásanna ina scoirfidh an gnóthas de bheith i mbun gníomhaíochta, i gcomhréir le dlíthe náisiúnta agus/nó leis an gcleachtas náisiúnta.

*Airteagal 17*

**Teorainnluachanna**

▼ 2022/431 Airt. 1.12(a)

1. Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla, leagfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle amach i dTreoracha, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 153(2), pointe (b), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais

Eorpaigh (CFAE), teorainnluachanna i ndáil leis na carcanaiginí sin uile, na só-ghineacha sin uile nó na substaintí sin uile atá tocsaineach don atáirgeadh ar féidir déanamh amhlaidh ina leith agus, i gcás inar gá, forálacha eile atá ábhartha go díreach.

---

🡻 Ceartúchán, IO L 229, 29.6.2004, lch. 23

2. Leagtar amach teorainnluachanna agus forálacha eile atá ábhartha go díreach in Iarscríbhinn III.

---

🡻 2022/431 Airt. 1.12(b)

3. Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla, mar aon le faisnéis ábhartha eile maidir le faireachas sláinte, déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 153(2), pointe (b), CFAE, teorainnluachanna bitheolaíocha a leagan amach i dTreoracha.

4. Leagtar amach teorainnluachanna bitheolaíocha agus faisnéis eile maidir le faireachas sláinte in Iarscríbhinn IV.

---

🡻 2022/431 Airt. 1.13

*Airteagal 18*

**Substaintí neamhthairsí agus tairsí atá tocsaineach don atáirgeadh a shainaithint**

Déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 153(2), pointe (b), CFAE, a shainaithint, ar bhonn na sonraí eolaíocha agus teicniúla atá ar fáil, sa cholún nodaireachta d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir seo, cibé acu an substaint tairsí atá tocsaineach don atáirgeadh nó substaint neamhthairsí atá tocsaineach don atáirgeadh í substaint atá tocsaineach don atáirgeadh.

---

🡻 1243/2019 Airt. 1 agus Iarscríbhinn .III(12)

*Airteagal 19*

**Leasú ar Iarscríbhinn II**

---

🡻 2022/431 Airt. 1.14

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 20 chun leasuithe de chineál teicniúil amháin a dhéanamh ar Iarscríbhinn II, chun aird a thabhairt ar an dul chun cinn teicniúil, athruithe ar rialacháin nó sonraíochtaí idirnáisiúnta agus fionnachtana nua maidir le carcanaiginí, só-ghineacha nó substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh.

⬇ 1243/2019 Airt. 1 agus Iarscríbhinn .III(12)

Más rud é, i gcásanna eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo agus a bhaineann le rioscaí tromchúiseacha, díreacha atá ar tí tarlú do shláinte agus do shábháilteacht fhisiceach oibrithe agus daoine eile, go n-éilítear, ar mhórchúiseanna práinne gníomhú i dtréimhse ama an-ghearr, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 21 maidir le gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun an Airteagail seo.

⬇ 1243/2019 Airt. 1 agus Iarscríbhinn .III(12)

*Airteagal 20*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 19 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana amhail ón 26 Iúil 2019. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 19 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta níos déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[15].

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 19 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

[15] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

*Airteagal 21*

**An nós imeachta práinne**

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomhartha tarmligthe a thugtar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 20(6). I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm láithreach tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh.

---

| ↓ Ceartúchán, IO L 229, 29.6.2004, lch. 23 |
|---|

*Airteagal 22*

**Úsáid sonraí**

Beidh rochtain ag an gCoimisiún ar an úsáid a bhainfidh na húdaráis náisiúnta inniúla as an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 15(8).

---

| ↓ 2022/431 Airt. 1.15 (oiriúnaithe) |
|---|

*Airteagal 23*

**Meastóireacht**

Déanfaidh an Coimisiún, mar chuid den chéad mheastóireacht eile ar chur chun feidhme na Treorach seo i gcomhthéacs na meastóireachta dá dtagraítear in Airteagal 17a de Threoir 89/391/CEE, meastóireacht freisin ar an ngá atá ann an teorainnluach do dheannach silice criostalta inanálaithe a mhodhnú. Seolfaidh an Coimisiún an próiseas sin in 2022 agus, i gcás inarb iomchuí, molfaidh sé ina dhiaidh sin na leasuithe agus na modhnuithe riachtanacha a bhaineann leis an tsubstaint sin in athbhreithniú a dhéanfar ina dhiaidh sin ar an Treoir seo.

Tráth nach déanaí ná an 11 Iúil 2022, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an rogha leasú a dhéanamh ar an Treoir seo chun forálacha a chur isteach maidir le teaglaim de theorainn um nochtadh ceirde aeriompartha agus teorainnluach bitheolaíoch le haghaidh caidmiam agus a chomhdhúl neamhorgánach.

Tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2022, i gcás inarb iomchuí, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (ACSH), agus aird á tabhairt aige ar na moltaí atá ann cheana ó ghníomhaireachtaí éagsúla, geallsealbhóirí éagsúla agus an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte maidir le carcanaiginí, só-ghineacha agus substaintí tosaíochta atá tocsaineach don atáirgeadh a bhfuil teorainnluachanna ag teastáil ina leith, déanfaidh an Coimisiún plean gníomhaíochta a thíolacadh chun teorainnluachanna nua nó athbhreithnithe um nochtadh ceirde a bhaint amach i gcás 25 shubstaint, ghrúpa substaintí nó shubstaint a ghintear trí phróisis ar a laghad. I gcás inarb iomchuí, déanfaidh an Coimisiún, agus an plean gníomhaíochta sin agus na forbairtí is déanaí san eolas eolaíoch á gcur san

áireamh aige, agus tar éis dul i gcomhairle le ACSH, tograí reachtacha a thíolacadh de bhun Airteagal 17 gan mhoill.

I gcás inarb iomchuí agus tráth nach déanaí ná an 5 Aibreán 2025, déanfaidh an Coimisiún, agus na forbairtí is déanaí san eolas eolaíoch á gcur san áireamh aige agus tar éis comhairliúchán iomchuí a dhéanamh leis na geallsealbhóirí ábhartha, sainmhíniú a fhorbairt ar na táirgí íocshláinte guaiseacha nó na substaintí atá iontu agus liosta táscach díobh a bhunú, ar táirgí nó substaintí iad a chomhlíonann na critéir lena n-aicmiú mar charcanaigin de chatagóir 1A nó 1B a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, mar shó-ghineach nó mar shubstaint atá tocsaineach don atáirgeadh.

Tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2022, ullmhóidh an Coimisiún, tar éis comhairliúchán iomchuí a dhéanamh leis na geallsealbhóirí ábhartha, treoirlínte de chuid an Aontais maidir le táirgí íocshláinte guaiseacha a ullmhú, a thabhairt do dhaoine, agus a dhiúscairt san ionad oibre. Foilseofar na treoirlínte sin ar shuíomh gréasáin EU-OSHA agus scaipfidh na húdaráis inniúla ábhartha iad sna Ballstáit uile.

I gcás inarb iomchuí, tar éis dó tuairim ó ACSH a fháil, déanfaidh an Coimisiún, agus an mhodheolaíocht atá ann cheana chun teorainnluachanna a shocrú do charcanaiginí i roinnt Ballstát agus an tuairim ó ACSH á gcur san áireamh aige, an t-uasleibhéal riosca agus an t-íosleibhéal riosca a bhunú. Tráth nach déanaí ná 12 mhí tar éis dó tuairim ó ACSH a fháil, ullmhóidh an Coimisiún, tar éis comhairliúchán iomchuí a dhéanamh leis na geallsealbhóirí ábhartha, treoirlínte de chuid an Aontais maidir leis an modheolaíocht lena mbunaítear teorainnluachanna rioscabhunaithe. Foilseofar na treoirlínte sin ar shuíomh gréasáin EU-OSHA agus scaipfidh na húdaráis inniúla ábhartha iad sna Ballstáit uile.

Tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2024, déanfaidh an Coimisiún, agus na forbairtí is déanaí san eolas eolaíoch á gcur san áireamh aige, agus tar éis comhairliúchán iomchuí a dhéanamh leis na geallsealbhóirí ábhartha, teorainnluach le haghaidh cóbailt agus comhdhúile cóbailt neamhorgánacha a mholadh, i gcás inarb iomchuí.

---

🡻 Ceartúchán, IO L 229, 29.6.2004, lch. 23 (oiriúnaithe)

*Airteagal 24*

**Fógra a thabhairt don Choimisiún**

Déanfaidh na Ballstáit forálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad amach anseo sa réimse a rialaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 25*

**Aisghairm**

Aisghairtear Treoir ⌦ 2004/37/CE ⌫, arna leasú leis na ⌦ gníomhartha a liostaítear ⌫ in Iarscríbhinn V, Cuid A, gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát maidir leis na teorainneacha ama ⌦ chun na ⌫ Treoracha a leagtar amach in Iarscríbhinn V, Cuid B a thrasuí ⌦ sa dlí náisiúnta agus maidir le dátaí chur i bhfeidhm na dTreoracha sin ⌫.

Déanfar tagairtí don Treoir aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Treoir seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá in Iarscríbhinn VI.

*Airteagal 26*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 27*

**Seolaithe**

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*